
# Guth Ghoill

Luach € 2.00




## Baile na Deora sa tsean-am.

Le feiceáil sa phictiúr seo tá teach Fanny, teach Bhrianaí agus teach Bhill.
Tabhair faoi deara an teideal atá ar an chárta phoist seo. Nach beag a bhí an t-óstán ag an am sin!!

### *An Ghaoth*

*An ghaoth anoir, bíonn sí tur*
*Is cuireann sí olann ar chaoirigh.*

*An ghaoth aneas, bíonn sí tais,*
*Is cuireann sí fás sna síolta.*

*An ghaoth aniar bíonn sí fial,*
*Is cuireann sí iasc sna líonta.*

*An ghaoth aduaidh, bíonn sí crua,*
*Is cuireann sí fuacht ar dhaoine.*

* * *

Naíonra Dhiarmada & Ghráinne 2008



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


Seanphictiúr de Bhaile na Deora 1

Clár 2

Baile na Deora (cuid 2) 3

Colm Mac a' Bháird 6

Logainmneacha Ghort na Luchóg 8

Comharthaí Báis agus Scéalaíocht a Bhaineann leis an Bhás i Ros Goill. 10

Feadaímó 13

Imeachtaí Chéim Aniar 15

## Baile na Deora

*ar leanúint*

I seanteach na nDochartach féin, bhí Micheál Ó Dochartaigh agus a bhean Neansaí Nic Giolla Bhríde as Ailt 'a Chaorthainn ina gcónaí. Bhí teaghlach mhór acusan, aon ghasúr déag agus dhá ghirseach. Deirtear nach raibh siad ariamh uilig i gcuideachta a chéile sa teach ach an t-aon oíche amháin. Oíche Shamhna a bhí ann. Insíonn sin a scéal brónach féin. Orthu sin a bhfuil a fhios againn fá dtaobh dóibh bhí Antoin, Micheál, James, Muiris, Hughie, Neidí, John, Den, Peter, Sarah agus Kitty. Bhí Antoin pósta i mBaile na Deora ar Nóra Sweeney (Nóra an Bhabhail) as Gort na Luchóg. Fuair Antoin bás in 1945 agus cailleadh Nóra in 1961. Níl mé cinnte caidé a tharla do Mhicheál ach amháin gur rugadh é in 1865. Sílím gur imigh James go Meiriceá. Rinne mé cur síos ar Mhuiris cheana féin. Bhí Hughie pósta ar An Ghleann ar bhean arbh ainm di Maggie Mc Laughlin. Deirfiúr de Bhill (Athair Khitty Bhill) a bhí in Maggie agus deirtear gur imigh Hughie Ó Dochartaigh as Baile na Deora go dtí'n Ghleann agus go dtáinig Bill ón Ghleann go Baile na Deora an bhliain chéanna. Bhí Neidí pósta istigh ar an Oileán ar Rose Anne Mc Hugh. Bhí John pósta i nGleann Úraí ar Mháire Nic Giolla Bhríde (Dhonnchaidh Mhóir). Bhí Den pósta ar Shorcha Sheáin Ní Ghallchóir as an Mheall Mhór ach sílím gurbh as Fánaid í agus go dtáinig sí anall 'na Mhill Mhóir, áit a raibh daoine muinteartha aici. Níl eolas ar bith agam fá Pheter ach amháin gur rugadh e in 1869. Bhí Sarah pósta ar Jimmy Ó Gallchóir (Jimmy Beag) as Cluain tSaileach agus pósadh Kitty ar Den a'Bhabhail as Gort na Luchóg. Rugadh í in 1867.

*Seanteach Uí Dhochartaigh*

*Antoin Ó Dochartaigh agus a bhean chéile Nóra*

Faoi mar a dúirt mé cheana féin, bhí Antoin Ó Dochartaigh pósta ar Nóra a' Bhabhail as Gort na Luchóg agus bhí seiséar de chlann acusan, Micí, Sarah, Kitty, James, Annie agus Sus.

Fuair Micí bás i dtús na dtriochadaí le appendicitis. Nuair a bhuail an droch phian é, chuaigh an fear bocht ar a rothar suas go dtí an otharlann i Leitir Ceanainn. Bhí sé ró-mhall ansin agus fuair sé bás agus gan é ach i mbláth na hóige. Bhí Sarah pósta ar Mhicí Jimí agus tá cuntas tugtha uirthisean cheana féin agus mé ag cur síos ar theach Mhuiris Ó Dochartaigh.



Clann Sarah agus Mhicí Jimí
*Ó chlé tá Muiris, Máire agus Nóra lena uncail, James*

Bhí Kitty pósta ar fhear as Baile Átha Cliath agus chaith sí an chuid is mó dá saol pósta ina cónaí in Áth Luain. Ceathrar de chlann a bhí acusan, Seán, Antoin, Micheál agus Caitlín. Bhí Sus pósta ar Phaidí Bhrianaí agus iad ina gcónaí i mBaile na Deora. Tá cur síos orthusan níos faide ar aghaidh. Bhí Annie pósta ar Eddie Harley ag Na Cúlaibh, agus bhí siad ina gcónaí in Albain.

*Sus Ní Dhochartaigh*

Sa teach seo fosta, tógadh Treasa Doherty as An Oileán, iníon le Neidí Ó Dochartaigh. Fuair a máthair bás nuair a rugadh Treasa. Bhí James pósta as Mhadgie Ghallchóir as An Ghlíob agus



*James & Madgie*

seisear de chlann a bhí acusan, Nóra, Bridget, Máire, Micheál, Annie agus Ellen. Tá Nóra, Bridget agus Máire idir an bhaile agus Londain, tá Annie i nDumhach Bheag i bhFánaid agus tá Ellen i gContae na Mí. Tá an chéad chuntas eile fá Mhicheál agus a mhuintir.



*James Ó Dochartaigh agus Paidí Bhrianaí ag déanamh curach thíos ar An Mheall Mhór*




*An mhóin ag teacht abhaile ar leoraí John Shuis*

*An mheitheal a bhí ann ar an lá*

Eddie Ó Gallachóir, Micheál Mac Lochlainn (Bhrianaí), John Shuis, Charlie Ó Gallachóir, James Antoin & Denis Phat

Tá Micheál Ó Dochartaigh agus Bridie (as Fánaid) ina gcónaí níos faide anuas an baile agus bhí seachtar de chlann acusan, Séamus, Marie, Yvonne, Micheál, Fiona, Seán agus Mairéad. Cailledh Micheál bocht nuair a báitheadh é amach ón Chorrach ar an chéad lá de Mheitheamh 1989 agus gan é ach sé bliana déag d'aois. Tá Séamus amuigh san Astráil agus é pósta agus triúr clainne aige. Tá Marie san Ollainn, Yvonne i mBaile Átha Cliath, Fiona i gCluain tSaileach agus Seán agus Máiréad i mBaile na Deora i rith an ama.



*Micheál Óg Ó Dochartaigh*

Giota beag níos faide anuas ta teach saoire ag muintir Guerin. Cailleadh John Guerin ag tús Mí Meithimh seo, agus tarann a bhean Mary agus an teaghlach i rith an ama.



*Emmett Goulding agus a dheartháireacha, Noel (go ndéana Dia trócaire air) agus Dessie, ag obair ar dhíon an tí úir*

Níos faide síos tá Emmett agus Nóirín Goulding. As Baile Átha Cliath d'Emmett agus is de bhunadh Bhaile na Deora í Nóirín, iníon le Paidí



*Paidí Bhrianaí lena chuid gliomach*

Bhrianaí Mac Lochlainn agus Sus Ní Dhochartaigh ina ndéantar cur síos uirthi agus muid ag caint faoi Chlann Uí Dhochartaigh. Beirt de theaghlach atá acu, Cormac agus Aifric. Tá Cormac i mBaile Dhún na nGall faoi láthair agus tá Aifric i mBaile Átha Cliath.

An chéad teach eile ar an bhaile ná teach Fanny. Is fada muintir Fanny ar shiúl as agus is teach saoire é anois. Sa teach seo bhí Micí Phéigí Mac Giolla Bhríde agus a bhean, Fanny Mhór Price as Droim Méasón, siar bealach an Chraoslaigh. Gréasaí a bhí in Micí. Bhí cúigéar clainne acusan, Maggie, Fanny Bheag, Biddy, Máire agus John. Fuair an triúr dheireanach agus a n-áthair bás leis an fliú mór in 1918. Fágadh Fanny Mhór agus a beirt iníonach bheaga óga beo bocht ina dhiaidh sin, agus gan mórán de chuid an tsaoil acu. Cruatan agus uaigneas a bhí i ndán dóibh. Fuair Fanny Mhór bás i 1945 agus í an dá bhliain agus trí scór. Pósadh Maggie ar Charlie Phaidí Madgie as Gleann Úraí agus bhí iníon amháín acusan, Nóirín.

Fuair Maggie bás in 1981 agus cailleadh Charlie in 1985. Fuair Nóirín í féin bás in 1993 agus ansin i 1996 cailleadh mac dá cuid, Cathal, go trágóideach thíos i nGaillimh. Tá an mac eile a bhí aici thall in Londain.



*Nóirín le Madgie & James Antoin*

Níor phós Fanny Bheag ariamh. Tá sí ina beatha go fóill agus í i dteach altranais thall in Londain, áit a deachaigh sí nuair a fuair Charlie bás. Chuaigh sí anonn le cónaí le Nóirín agus is beag a shíl sí agus í ag fágáil Bhaile na Deora daoithe go mbeadh saol comh gairid ag Nóirín. Bím thall achan samhradh ag amharc ar Fanny agus tá sí an dá bhliain déag agus ceithre scór, bail ó Dhia



*Fanny Bheag agus Charlie Phaidí Mhadgie*

uirthí. Níor chuir comhrac agus coimhlint an tsaoil chruaidh a bhí aici isteach ná amach uirthi. Ghlac sí le toil Dé i gcónaí. Labhraíonn sí i nGaeilge i dtólamh agus cé nach bhfuil an chuimhne chomh maith agus a bhí, lasann na súile nuair a bhím ag caint fá dhaoine as an bhaile. Bean uasal.

Beidh an chuid deireanaí den chuntas seo sa chéad eagrán eile.

*Nóirín Goulding.*

* * *

*Máire Uí Bhuadáin (Ní Dhochartaigh)*



## *M'athair.*

*Maidir leis an seó iontach sin, "The Rising Step", a bhí ar siúl san amharclann i Leitir Ceanainn i rith an tsamhraidh, rinneadh ainm m'athair a lua agus iarradh ormsa píosa a scríobh faoi agus faoin damhsa Gaelach a bhí mar pháirt mhór dá shaol. I mo shuí sa bhaile oíche amháin ina dhiaidh sin thosaigh mé ag scríobh, díreach mar a bhí a scéal ag dul fríd mo cheann.*

*Rugadh m'athair ar Oileán Thoraigh i mí Meithimh 1918. B'as an Chlochán Liath a athair Séamas agus b'as Bun an Phobail a mháthair Treasa. D'oibrigh Séamas do Bhord na hIascaireachta agus bhí Treasa ina múinteoir scoile ar Oileán Thoraigh. Bhí triúr dearthár agus beirt dheirfiúr ag Colm.*

*Colm Mac a' Bháird*



*Colm, a athair Séamas, Breandán, Caoimhín, Enda, Máirín, a mháthair Treasa agus Eilís.*

*D'fhág an teaghlach an t-oileán nuair a bhí Colm thart fá deich mbliana d'aois agus shocraigh siad sna Dúnaibh. Bhí Colm pósta ar Úna Nic Fhloinn as Baile na nGallóglach agus bhí seachtar clainne acu; Caoimhín, an cúpla Máire agus Caitlín a fuair bás nuair a bhí siad ina leanaí, Brian a bádh sna Dúnaibh nuair nach raibh sé ach bliain is fiche, Diarmaid, Siún agus Máirín.*

*Mhúineadh a athair Séamas, fear a bhain Craobh na hÉireann é féin ina lá, céimeanna damhsa do Cholm agus dá chlann uilig nuair a bhí siad óg. Bhíodh siad ina suí ar maidin uair roimh am scoile ag cleachtadh na gcéimeanna. Bá ghnách leo páirt a ghlacadh sna coirmeacha ceoil agus sna feiseanna a bhíodh ar siúl ag an am. Dhamhsaigh Colm agus a dheirfiúr Eilís os comhair an uachtaráin sa "Mansion House" i mBaile Átha Cliath nuair nach raibh siad ach sé nó seacht mbliana d'aois. Thosaigh Colm é féin ag múineadh damhsa sna Dúnaibh nuair a tháinig sé ar ais as Sasana, áit a raibh sé ina chónaí le h'Úna agus an chlann ar feadh an bhliain déag.*



Eilís, Colm, Caoimhín, Enda, Breandán agus Máirín
Glacadh an pictiúr seo sna Dúnaibh

*Bhí Colm ag obair i monarcha Mhic Nuadhait i rith na seachtaine agus ar an Satharn agus ar an Domhnach bhíodh ranganna damhsa aige ó Ros Goill go Ceann Fhánada agus siar go dtí an Fhál Carrach. Bhí na páistí óna ranganna seo ag glacadh páirt i gcoirmeacha ceoil agus i bhfeiseanna a bhíodh ann ag an am agus bhíodh Colm é féin ag damhsa i gcoirmeacha ceoil ó Charraig Airt go Contae an Chláir. Ghlac sé fhéin agus Andy Mac Pháidín as Duibhlinn Riabhach páirt i gcúpla clár teilifíse fosta, é féin ag damhsa agus Andy ag bualadh na fidle dó.*

*Lá amháin fuair sé glaoch ó Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Bhí turas ag dul go Meiriceá agus Ceanada agus bhí siad ag iarraidh ar Cholm dul leo. Is damhsóir traidisiúnta a bhí ann i gcomórtas leis na*



Sa phictiúr seo, ó chlé, tá Nuala, Filimín, agus Salbha Ní Ghallachóir (Éamann), Máire Nic Giolla Bhríde (a' Táilliúir), Áine Ní Ghallachóir (Éamann), Orla Nic Pháidín, Máirín Nic a' Bháird, Colm, Síle Nic Nuadhait, Cait Nic Giolla Bhríde (Hughie), Máire Ní Shiail, Caitlín Ní Ghallachóir (Michael Joseph), Pádraigín Ní Cheallaigh agus Bríd Nic Giolla Bhríde (Madeline).

*damhsóirí nua-aimseartha mar Michael Flatley nó Michael Pat Gallagher atá i River Dance sa lá atá inniu ann. Ba mhór an deis a bhí anseo do Cholm agus bhí sé sásta an dúshlán a ghlacadh. Satharn amháin sa bhliain 1975, isteach leis an chlann uilig sa "Morris Minor" agus ar shiúl linn síos go dtí Contae an Chláir. Bhí foireann Chomhaltas Ceoltóirí ag fágáil don turas ar an Domhnach. Bhí coirm cheoil mhór in Inis oíche Dé Sathairn, oíche go maidin. Cha raibh mórán codlata againn an oíche sin.*
*D'fhág muid slán le Colm agus leis an dream uilig ag Aerfort na Sionnainne ar an Domhnach. Bhí uaigneas orainn ag teacht abhaile dúinn ach bhí muid sásta agus bródúil go bhfuair Colm an deis seo. Bhí siad ar shiúl ar feadh sé seachtaine agus cuireadh fáilte mhór rompu in áiteanna cosúil le*



Comhaltas Ceoltóirí Éireann.

Glacadh an grianghraf seo in Inis ar an Satharn roimh dul go Meiriceá dóibh.

*Nua-Eabhrac, Chicago, Denver agus Montréal. Bhí am ar dóigh acu. Ba iad an chéad dream le sin a dhéanamh ach níorbh iad an dream deireanach. Ina dhiaidh sin chuaigh siad go hAlbain agus go Sasana.*

*Fuair Brian bás sa bhliain 1976 agus cúpla bliain ina dhiaidh sin ghlac Colm pinsean as an mhonarcha agus lig sé a scíth. Bhuail an galar Parkinson's é ansin ach bhí sé ábalta bheith ina shuí achan lá. An t-aon lá amháin a chaith sé sa leaba ná an lá a fuair sé bás, an séú lá déag de Mheán Fómhair, 1997. Bhí saol maith, sásta ag Colm le hÚna agus an chlann.*
*"Go raibh sé ag damhsa sna Flaitheas anois."*

*Siún Nic a' Bháird*

# Logainmneacha Ghort na Luchóg

Cnoc Ghort na Luchóg




Scoilt na Maighdeog



Bearna na Gaoithe



| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An Bearach Dubh | 13 | Bun Chnoc a'Stáighre | 25 | Malaigh an Lín |
| 2 | An Bogach | 14 | Cnoc a' Stáighre | 26 | Na hAbógaí |
| 3 | An Carnán | 15 | Cnoc Ghort na Luchóg | 27 | Nead a' Swan |
| 4 | An Clochán Dúbh | 16 | Colainn gan Cheann | 28 | Páirc a' Lín |
| 5 | An Garraí Fada | 17 | Cró na gCaoirigh | 29 | Páirc an Chlaí Geall |
| 6 | An Garraí Mór | 18 | Cró Stil | 30 | Poll an Abair |
| 7 | Ard na Scoile | 19 | Cúl an Mhullaigh | 31 | Poll an Fhear Mire |
| 8 | Bá Gort na Luchóg | 20 | Cúl na mBádaí | 32 | Poll Bhilly |
| 9 | Baile Úr | 21 | Garraí an Cháil | 33 | Scoilt na Maighdeog |
| 10 | Barr a' Ghobáin | 22 | Garraí an Loch | 34 | Tobar an Eallaigh |
| 11 | Bearna na Gaoithe | 23 | Garraí Faoin Chró | 35 | Trá Bá Íochtar |
| 12 | Bun an Aird | 24 | Loch an Arláin | 36 | Trá Loch an Arláin |


Loughanarlan Strand
Back Strand
Cloghandoo
Gortnalughoge South
Rough

## Comharthaí Báis agus Scéalaíocht a Bhaineann leis an Bhás i Ros Goill.

*Is iomaí cultúr a chreideann go dlúth i gcomharthaí báis agus tá seo amhlaidh in chóir a bheith achan tír ar domhan. Thiocfadh le comhartha a bheith chomh simplí a thuigbheál le pictiúr titim de bhalla agus chomh casta a thuigbheál le scread na mná sí. Creideann daoine go fóill sa taobh seo tíre i gcomharthaí báis ach níl sé chomh coiteann agus a bhí sé sa tseanam.*

*Tá liosta fada de chomharthaí báis a bhfuil ceangal acu leis an tír seo agus seo thíos cuid de na cinn a roinn muintir na háite liom a bhí, agus leoga cuid acu atá go fóill coitianta in mó cheantar féin.*



*Chreid daoine dá gcloisfeá an coileach ag scairteadh 's a aghaidh leis an fhuinneog idir meánoíche agus a trí a chlog ar maidin go raibh duine éigin a dhul a fháil bháis. De ghnáth tharlódh seo dhá lá roimh an bhás agus bhí seo amhlaidh am ar bith le linn na bliana ach amháin fán Nollaig.*

*Dá gcloisfeá madadh ag caoineadh mall san oíche agus duine éigin tinn, chreidtí go raibh an bás i ndán don duine sin.*

*Deir siad dá mbeifeá i do shuí sa teach agus dá gcloisfeá tormán creathnach ard, cosúil le hadhmad ag titim, nó dá mbeifeá ag siúl an bhealaigh mhóir agus é a chloisteáil go raibh duine de do mhuintir fhéin ag dul a fháil báis.*

*Dá mbeadh éan ag gobadh na fuinneoige cupla lá as a chéile deirtí gur droch-chomhartha é seo. Deirtí fosta go raibh mí-ádh ag baint le héan nó le frog a thiocfadh 'na tí.*

*Ba léir do dhaoine sa cheantar go raibh baint ag casadh na taoide le bás duine. Tá sé ráite go raibh sé mí-ádhmhar dá dtiocfadh seacht dtonn bheag agus triúr mhóra i ndiaidh a chéile san fharraige agus b'fhéidir seachtar mhóra agus triúr bheaga ansin. Bhí droch-chomhartha eile ann sa tseanam a raibh baint aige leis an fharraige. Thugtaí 'Willie the Wisp' air agus 'sé a bhí i gceist ná go raibh soilse le feiceáil ón fharraige gan rud ar bith taobh thiar de.*

*Chreid daoine go mór sa bhean sí sa cheantar seo. Thugadh sí le fios do bhunadh áirithe go raibh duine dá muintir le bás a fháil. Síog ar leith ab ea an bhean sí. Bhíodh sí le cloisteáil ag caoineadh agus ag screadach go hard cé nach roimh bhás dhuine a bhí seo i gcónaí. Ba mhinic a bhíodh ceann na mná seo dírithe síos agus folt álainn, a d'oirfeadh do spéirbhean óg, ag clúdach a cinn; ach nuair a d'ardaíodh ceann na mná sí, bhíodh aghaidh seanduine críonna uirthi.*



*Dúirt daoine eile gur éan a bhíodh ag déanamh an screadach seo agus tugadh 'éan an bháis' uirthi. Bhí sé ráite fosta gurbh é coileán naoscaí a bhí ann agus go raibh glór aisteach san oíche aige agus go raibh daoine ag déanamh gurbh é sin 'éan an bháis'.*

*Deirtear dá mbeifeá ag brionglóid faoi dhuine agus an duine sin a fheiceáil ag tarraingt ar an teach go mbeadh sé beo go ceann tamaill ina dhiaidh sin, ach dá bhfeicfeá ag imeacht ón teach é, nach fada a mhairfeadh sé.*

*Dúradh fosta dá mbeadh brionglóid agat féin faoi éadaí, faoi bhláthanna nó faoi fhiacla bána gur comhartha báis a bhí ann. Dá mbeadh fuil le feiceáil sa bhrionglóid bheifeá ceart go leor.*

*Cé acu a bhí fírinne ar bith ag baint leis na comharthaí báis thuas luaite nó nach raibh chreid daoine iontu agus bhí siad lánchinnte gur tharla siad. B'fhéidir gur comhthuitim a bhí sna heactraí seo ach níor mhaith liom sin a rá leo!*

*Ag an am sin bhí daoine ag airneáil chóir a bheith achan oíche sa tseachtain. Bhi siad ag*


*brath ar chaint na ndaoine, ar scéalaíocht agus ar an seanchas á tháinig chucu fríd na glúnta mar fhoinsí tábhachtacha eolais Chan cur i gcéill ar bith a bhí sna scéalta seo dóibh. Ansin tháinig an raidió agus an teilifís agus na meáin chumarsáide eile agus giota ar ghiota d'imigh an airneál agus cuireadh stad leis an scéalaíocht. Sin an fáth nach bhfuil mórán iomrá ar na heactraí seo anois.*

*Ag dul ar ais go dtí'n scéalaíocht bhí na taibhsí mar ábhar coitianta i mbéal na ndaoine. Seo daoine marbha a tháinig ar ais agus iad ag siúl thart san oíche. Deirtear gur tháinig siad ar ais mar go raibh rud éigin ag cur isteach orthu ar an domhan seo agus nach raibh suaimhneas ar bith acu sa saol eile. Cosúil leis na comharthaí báis chreid daoine go mór iontu. Bhí áiteanna*



*áirithe agus an sean-reilig ar cheann acu, a raibh taibhsí le feiceáil achan oíche sa tseachtain. D'insíodh siad scéalta taibhsiúla ina suí san oíche agus bhí an mhuintir óg ina suí ag éisteacht leofa agus a gcroíche amuigh. Ní rachadh siad amach go dtí an doras san oíche ar a gcuid fhéin.*

*Insíodh scéal domh, agus mé i mbun agallaimh, faoi fhear de bhunadh na h-áite, fear mór láidir a bhí ann agus bhí sé amuigh ag airneáil an oíche seo. Ní raibh sé i bhfad ar shiúl óna bhaile féin. Tháinig am luí ar scor ar bith, thart fan deich a chlog agus d'iarr sé ar chúpla duine de na fir a bhí sa teach píosa den bhealach a shiúl leis. Shiúil siad giota leis agus dúirt duine de na fir "rachaidh muid 'na bhaile anois" ach dúirt mó dhuine "tar píosa beag eile liom". Shiúl siad giota beag eile agus d'fhág siad slan leis arís, ach arís ar seisean "tar píosa beag eile liom anois" agus lean seo ar aghaidh go raibh orthu é a fhágáil thíos sa teach. Bhí a chroí amuigh roimh na taibhsí. Deirtí dá dtosódh duine a chaoineadh go díreach i ndiaidh bhás duine go dtiocfadh an duine sin ar ais ó na marbh mar thaibhse. Dúradh go raibh Sean-Reilig Mhíobhaigh lán taibhsí ach nuair a théim ar cuairt ann mé féin ní bhíonn eagla orm, is*



*uaigneas is mó a bhíonn orm mar smaoiním ar an méid staire agus seanchais atá báite agus caillte sa choirneál bheag seo ar an taobh thoir de Ros Goill.*

*Chan rud olc a bhí ann i gconaí nuair a thiocfadh daoine ar ais ó na marbh. D'eist mé le scéal a bhí ag fear amháin faoin am a raibh a athair ag fáil bháis. Shuigh an fear seo lena athair i rith na hoíche mar go raibh sé iontach tinn. Bhí an bheirt acu ina suí cois tine agus bhog stól isteach eatarthu dá stuaim féin. Dúirt a athair leis "sin dó mháthair mhór ina suí linn anois". Fuair a athair bás tamall beag ina dhiaidh sin. Tháinig sí le compord a thabhairt dó agus fáilte a chur roimhe go dtí'n saol eile. Níl a fhios agam an easpa codlata a bhí ar an fhear seo ach tá sé féin lánchinnte gur mar seo a tharla sé.*

*Scéal eile atá agam faoin ábhar seo agus baineann sé le mo sheanthuismitheoirí féin. Nuair a fuair mó sheanmháthair bás bhí cumha an domhain ar mo sheanathair. Trí lá*

*ina dhiaidh sin chuaigh mé isteach go dtí'n seomra leapa chuige agus bhí sé ina shuí suas sa leaba agus dúirt sé liom "tháinig sí aréir Fiona". Bhí a fhios agam caidé a bhí i gceist le seo agus ba mhór an tógáil croí do an méid sin.*

*Roinnt nósanna eile a bhí coitianta sa leithinis seo nuair a bhí an duine ag fáil bháis agus nuair a bhí siad marbh ná an méid seo a leanas:*

*Go díreach roimh bhás an duine d'osclófaí na fuinneoga nuair a bhí an t-anam réidh le scaradh ón chorp. Bhí an méid seo scríofa ag S. Baring-Gould faoin ábhar seo;*

> I remember some years ago when a person was dying and seemed to find great difficulty in the parting of the soul from the body, the nurse went to the window and opened it, whereupon the dying person heaved a sigh, and the spirit took its flight. On asking the reason for opening the window, the nurse answered: 'You would not have the soul go up the chimney would you?'
>
> *(S. Baring-Gould, Strange Survivals, London lth. 1892, 258-9).*

*Chuirtí amach an cat agus ghlasfaí é amuigh sa scioból nó sa bhoitheach agus cha ligtí é amach as sin go dtí lá an tórraimh. Shíl daoine go raibh an diabhal sa chat.*

*Stadadh siad cibé clog a bhí sa teach agus chuireadh siad siar é go dtí'n t-am a bhfuair an duine bás. Bhí siad fágtha mar seo go dtí lá an tórraimh.*

*Thógfadh siad scáthán ar bith amach as an tseomra nó ar a laghad chlúdófaí é. Bhí sé ráite dá mbeifeá ag amharc isteach ann rómhinic gur seo obair an diabhail. Bhíodh na fuinneoga clúdaithe chomh maith.*

*Dá bhfaigheadh fear bás agus é le bearradh, ní bhainfí úsáid as an rásúr céanna ar dhuine beo ina dhiaidh sin.*

*Bhí gnás ann fosta a bhain le daoine a fuair bás ar shiúl ón teach nó a bádh. Nuair a thabharfaí an corp 'na bhaile chaithfeadh achan duine sa teach a theacht amach sula dtabharfaí isteach an corp.*

*I ndiaidh paidir a rá ag taobh an choirp ag faire chuirfeadh achan duine a lámh anonn ar lámha nó ar chlár éadain an choirp. Deirtear mura ndéanfá sin go mbeifeá ag smaoineamh ar an duine marbh nuair a rachfá abhaile. Déanann daoine sin go dtí an lá atá inniu ann.*

*Blianta ó shin bhí píopaí créafóige ag achan fhaire agus bheadh fear ina shuí ag an tábla ag gearradh tabac. Nuair a bheadh an fhaire thart bhéarfadh muintir an tí na píopaí leofa agus bhainfeadh siad poll sa talamh agus chuirfeadh siad na píopaí síos sa pholl. Is iomaí uair a thiocfadh daoine trasna ar chnapán mhór píopaí sa talamh.*

*Ní fhágfadh duine teach faire leo féin mar dá bhfágfadh thiocfaí an té a bhí marbh a fheiceáil ag am ar bith.*

*Deirtear ar lá an tórraimh nach dtiocfadh le duine ar bith siúl roimh chónra. Bhí sé ceart go leor ag sagart é a dhéanamh ach ní dhéanfadh duine ar bith eile é. Bhí nós ann fosta nach rachadh siad amach ón reilig go dtí go mbeadh an tórramh críochnaithe. Bhí mí-ádh ag baint lena leithéid a dhéanamh.*

*Bhí an dearcadh i gcónaí láidir sa cheantar seo go raibh ar an duine deireanach a chuirfí sa reilig a bheith ag faire ar an gheafta. Bhí air nó uirthi fanacht ansin ag faire go dtí go bhfaigheadh an chéad duine eile bás. Dá mbeadh an aimsir olc deirfeadh muintir na háite "Tá sé ag fáil drochoíche ar an gheafta anocht mar chéad oíche." Is rud tábhachtach atá sa nós seo mar go*



*raibh a fhios ag daoine cé a bhí curtha go deireanach sa reilig. Tá fear darbh ainm Máinigh (Mánas) Mhíchil ag déanamh faire ar an gheafta faoi láthair. De thairbhe nach gcuirtear mórán daoine sa reilig seo níos mó, seans maith go mbeidh tréimhse fada le déanamh ag Máinigh!*

*Fiona Pasoma*

# Feadaímó

Mhuscail Paidí Dhomhnail luath agus chan iontas ar bith sin dó, mar bhí sé i ndiaidh an chuid is mó den oíche a chaitheadh anonn is anall ar urlár an tseomra go dtí gur iarr a bhean chéile Nuala air dul a luí. Ní raibh a fhios aige cén fhad a luí sé ansin gan codladh nó cén t-am den oíche a bhí sé ach bhí an coileach le scairteadh go fóill agus bhí bunadh an tí faoi shuaimhneas. D'éirigh sé agus bhog sé an t-éadach trom a chlúdaigh an fhuinneog. Chonaic sé loinnir chéad solas an lae amach soir uaidh ach ní raibh an Mhaol Ruaidhe le feiceáil go fóill. Mheas sé nárbh fhiú dó dul a luí ar ais agus chuir sé air a chuid éadaigh agus síos leis na cistine. Thosaigh sé ag rúscáil sa luaith agus d'fhadaigh sé an tine.

Mhuscail Cití, máthair Phaidí, a bhí ina luí sa chlúid. "Cad é'n cineál sraoilleadh thart atá ort ag an am seo den oíche." ar sise agus an míshásamh soiléir ina glór. "Arú, níl codladh ar bith orm," arsa Paidí, "cibé ar bith tá an lá ag bánú soir" "Tá 's an diabhal ag bánú, tá se dubh dorcha go fóill; shílfeá go ligfeá do dhaoine codladh; nach bhfuil an lá fada go leor?" D'éirigh na bladhairí sa tine agus chuir Paidí tuilleadh móna uirthi. Bhí sé ábalta aghaidh Chití a dhéanamh amach anois agus í leath ina suí. "Gabh thusa ar ais i do chodladh, a mháthair, níl cúis éirí ar bith ann duitse." Thóg Paidí cliabh na móna agus shiúl sé amach. D'éirigh an madadh a bhí ina luí ar sheanchóta thiar faoin tábla agus rinne sé é féin a shearradh, chuaigh sé ansin ar a shuaimhneas a fhad leis an doras ag amharc amach. Bhuail siorradh fómhair é agus chuaigh sé ar ais faoin tábla. "Nach mór an trua nach bhfuil an cineál sin céille ag do mháistir amaideach, a Spot." arsa Cití leis an mhadadh. Líon Paidí an cliabh agus shuí sé air. Bhí a fhios aige go raibh cinneadh le déanamh. Ó tháinig Feadaímó isteach aréir bhí an cinneadh seo ina luí go trom ar a intinn. "Ó, a Dhia," a dúirt sé leis féin, "shíl mé go raibh an sórt seo ruda blianta amach romham go fóill. Ní bheidh Feadaímó naoi mbliana déag go dtí an chéad lá d'Eanáir agus bhí sé i bhfad róluath dó baint a bheith aige le bean." Bhí sé féin ag tarraingt ar an daichead nuair a phós sé, agus b'annamh fear ar bith dul na haltóra sula mbeadh an scór go leith curtha thairis ar a laghad. Ba sin an dóigh a d'oibrigh rudaí thart anseo agus bhí achan duine sásta leis. Ar an dóigh sin bheadh na tuismitheoirí ag dul in aois sula dtabharfadh mac bean chéile isteach. Shábháil sin léar conspóide go hairithe idir na mná. Trí ghlúin de ghnáth a bhí in achan teach agus leoga sin mar a bhí leis na cianta. Tugadh an talamh don mhac, agus fuair an tseanmhuintir an áit is teo sa teach, sé sin an chlúid, agus bhí díon os a gcionn agus bia ina mbéal go lá a mbás. Sa chuid is mó de na tithe ní raibh iontu ach dhá sheomra agus sa chás sin thógtaí lochta os cionn na clúide do na paistí. Bhí trí sheomra ag Paidí mar bhí teaghlach mór ag a athair roimhe agus b'éigean dó an seomra eile a thógáil, ach mar sin féin cha dtiocfadh leat a rá gur teach mór a bhí ann agus dá dtabharfadh Feadaímó bean eile isteach anois bheadh deacrachtaí. Bhí bean Phaidí ró-óg go fóill le bheith réidh d'athrú saoil mar sin, mar is í bean chéile an mhic a fuair ceannas na cistine i gcónaí. Ní raibh fadhb mhór ar bith le seo nuair a bhí máthair an mhic ag dul in aois ach b'ábhar conspóide amach a bhí ann nuair a bhí an máthair i mbarr a sláinte. Mar a dúirt siad am amháin, ní chuirtear dhá chearc ghoir ar an ál amháin.

Bhí a bagairt tugtha ag Nuala ar an ábhar cibé. Nuair a luaigh Paidí ainm an bhabhdóra Feardaí Ghracie Bháin, ní raibh sí sásta. "Nach raibh tú ag éisteacht," dúirt sí, "dúirt mé nach raibh mé ag iarraidh bean eile isteach anseo, agus nuair a thiocas an t-am, beidh focal le rá agamsa faoin chineál mná a bheas ag teacht isteach. Níl mise ag iarraidh mo sheanaois a chaitheamh le cailleach nimhneach faoin dhíon chéanna." "Mar sin de," dúirt Paidí leis féin, "is é an rud is simplí le déanamh ná labhairt le Feadaímó agus a rá leis nach raibh cead a phósta dul a bheith aige." Ach, bhí aithne mhaith ag Paidí ar a mhac féin agus bhí a fhios aige nach nglacfadh sé le lámh throm ar bith. Is é an rud is measa a thiocfadh tarlú ná go bhfágfadh Feadaímó an teach. Cá háit a mbeadh siad ansin? Ní raibh de theaghlach acu ach Feadaímó agus bheadh Paidí agus Nuala ar an trá fholamh, cé a thabharfadh cúram dóibh ina seanaois.

Bhí an fhadhb ann fosta go raibh Feadaímó é féin ró-óg chun dualgais na talún a chur ar féin. Cé nach raibh ann ach cuibhreann trí acra, gairdín do na prátaí agus roinnt den choimíneacht, b'fhurasta a chailleadh. Bhí rudaí teann go maith agus ní raibh a dhíth ar an tiarna talún ach leithscéal amháin chun teaghlach a chaitheamh amach.

D'éirigh Paidí ón chliabh ach bhuail smaoineamh eile é agus shuí sé ar ais. "Uh huh, dúirt sé leis féin, b'fhéidir nach bhfuil feidhm ar bith leis an ualach seo ar mo ghualainn. Níor labhair aon duine faoin phósadh go fóill agus b'fhéidir nach raibh a leithéid de rud ar intinn Fheadaímó ar chor ar bith." Rith na smaointe fríd a intinn agus bhí a dhearcadh ag bánú in éineacht leis an lá. Is cinnte go raibh gasúirí mar Fheadaímó ag dul chuig na hoícheanta airneáil sin ina mbeadh fidil a sheinm agus damhsaí ag dul ar aghaidh, agus chasfaí iad leis na cailíní óga uilig. Ach is ócáid shoineanta a bhí ann agus thuig an t-aos óg uilig gurb iad na tuismitheoirí a bheadh ag déanamh cleamhnas ar bith faoin áit. B'annamh ar fad a ndéanfadh lánúin socraithe dóibh féin. Thuigfeadh Feadaímó seo agus ní ligfeadh sé síos an chlann.

D'amharc sé siar ar Fhánaid agus ar na sléibhte a bhí le feiceáil go soiléir anois. Bhí gach comhartha ann go mbeadh la maith acu agus bhí sé a dhíobháil, mar bhí claí le cóiriú agus seanchrann a tháinig isteach leis an fharraige le gearradh agus le tabhairt abhaile ar an asal. Bhí sé ag mothú níos fearr anois agus chuaigh sé isteach na tigh. Bhí Cití ina suí cois na tine agus bhí pota uisce ag fiuchadh ar an chraein. Ní mó ná gur thit an



cliabh ó lámha Phaidí agus mothúcháin mhaithe ar bith a bhí aige d'imigh siad mar a bheadh sneachta ar leac fu-

inneoige maidin earraigh. Bhí Feadaímó ina shuí ar an taobh eile den tine agus é ag taispeáint a léine Domhnaigh do Chití. Bhí an sciathán chlé stróicthe agus thóg City an léine uaidh. Ní hí an léine a chur isteach ar Phaidí ach go raibh Feadaímó ina shuí ar chor ar bith. Bhí Feadaímó tugtha don chodladh agus de gnáth bheadh ar Nuala é a mhealladh ón leaba le boladh an toirtín úir nuair a bhí plúr acu, nó prátaí is im nuair nach raibh. Ní raibh na comharthaí maith anois. "Cad é atá tusa ag déanamh i do shuí roimh an choileach a Fheadaímó," a dúirt Paidí leis, "ar thit an leaba as a chéile no cad é?" "Arú shíl mé go dtosóinn ar mo chuid oibre rud beag níos luaithe maidin inniu mar tá agam le dul áit inteacht tráthnóna," d'fhreagair Feadaímó. "Bhuel, m'anam," arsa Paidí, "molaim do dhíograis, a ghasúir, ach nach fada an lá go tráthnóna? Ní lá mór ar bith atá romhainn cibé. Tá an claí thíos ag bun an chuibhrinn le cóiriú agus an crann ar Thrá na Rosann le gearradh is le tabhairt na bhaile. Má thosaíonn muid ag a hocht mar is gnáth beidh muid críochnaithe sula dtagann na ba isteach." Sheas Feadaímó, "tá mise ag iarraidh a bheith ar shiúl roimhe sin, so tosóidh mise anois, dúirt sé. Chuir sé píosa den seantoirtín ina phóca agus shiúl sé amach an doras. "Faoi Dhia, an bhfuil mise i mo chodladh go fóill?" arsa Paidí. Shiúl sé a fhad leis an leathdhoras agus d'amharc sé amach. "Tá Feadaímó ar shiúl amach gan plaic a chur ina bhéal is gan tithe an uachtair le feiceáil go fóill". Chuala siad scairt an choiligh ag an bhomaite sin; shuí Paidí ar an stól agus é ag croitheadh a chinn. Níor labhair Citi ar chor ar bith agus í ag déanamh scrúdú ar an léine. Tháinig Nuala anuas ón seomra agus sheas sí ag stánadh isteach sa tine. "Deachaigh sibh bhur luí ar chor ar bith?" ar sise, "Ó, sea, bhí tusa ag trampáil thart ar an urlár i lár na hoíche, a Phaidí, cad é atá ciotach leat? Shílfeá gur maidin do phósta a bhí ann." Níor thug sí faoi deara an dóigh ar thit ceann Phaidí leis na focla sin. Dhóirt sí braon den uisce te sa scála agus thosaigh sí ag ní a haghaidh. "Ní rómhinic a bhíonn uisce te ag an am seo den lá againn. Lorda a leithéid de thine, beidh na comharsana ag déanamh go bhfuil gamhain a róstadh againn." Nigh sí a haghaidh agus chuaigh sí a fhad leis an leathdhoras agus chaith sí an t-uisce amach. Thiontaigh sí isteach agus ansin go tobann thiontaigh sí amach. "An é sin Feadaímó a tchím thios ag bun an chuibhrinn?" ar sise le hiontas, "Ó a Dhia, ár sábháil an bhfuil mo leanbh ar shiúl sa chloigeann?" "Thiocfadh leat sin a rá," arsa Paidí. Cad é atá tú ag rá? a Phaidí, arsa Nuala. Níor thug Paidí freagair ar bith uirthi mar bhí sé imníoch faoin dóigh a nglacfadh sí lena scéal, cé acu ceart nó mícheart an scéal céanna. Sheas Nuala ag amharc ar Phaidí. Ní raibh a dhath le cluinstin sa chistin ach sciatháin na gcearc agus iad ag léim anuas den chrann fhara ar an taobh eile den charn aoiligh. Ansin tháinig glór Fheadaímó isteach chucu ó bhun an chuibhrinn agus é ag ceol mar a bheadh smólach ann.

*Hi di da li di di 'gus hí di da lei*
*Hi di da li di di 'gus hí di da lo*
*"Ó chonaic mé an chailín, ag siúl cos na trá di,*
*'gus mise faoi ualach ag an fheamainn 'tá trom….*

D'amharc Paidí ó Nuala go Cití agus ar ais chuig Cití agus a bhéal foscailte. Bhí guth breá ag Feadaímó ach is fear é a raibh faitíos air dul i mbun ceoil agus bheadh neart spreagtha a dhíth air i gcónaí sula ndéanfadh sé a leithéid. Ach an mhaidin seo bhí sé amuigh agus a ghlór tógtha go hard chun na spéire aige agus é ar nós cuma liom faoi cé a bhí ag éisteacht.

*….Bhuel, leag mé an chliabh síos agus tharraing mé anáil*
*Nach mé a bhí mar Oisín nuair a casadh dó Niamh?*
*Hi di da li di di 'gus hí di da lei*
*Hi di da li di di 'gus hí di da lo*

"A Phaidí," arsa Nuala go ciúin, "beidh tromlach na gcomharsan ag déanamh go bhfuil mac s'againne ar an phoitín agus beidh an mhuintir eile ag déanamh gur ar shúil leis na daoine beaga a bhí sé aréir, anois tabhair freagra orm, cad é atá ag dul ar aghaidh?" D'éirigh Paidí, "Seo suí a Nuala," agus thug sé an stól di. "Tá sé mar a dúirt mé tráthnóna aréir leat. Tá bean i saol Fheadaímó. Níl a fhios agam cad é'n dóigh ar tharla seo i ngan fhios dúinn ach sin mar atá." "Tá sé ró-óg," arsa Nuala, "cha dtig leis a bheith i ndáiríre." "Éistigí an bheirt agaibh liomsa" arsa Cití, "tá an fhírinne chomh soiléir leis an lá, tá Feadaímó i ngrá le cailín. Níl a fhios agam ar chóir dom seo a insint daoibh mar d'iarr sé orm gan sin a dhéanamh, ach sílim gur mó an dochar a bheas déanta muna scaoilim an scéal uaim. Iníon do fhear darbh ainm Mícheal Ó Dubhaigh atá inti, agus is Gráinne atá uirthi. Níl a fhios agam cé as iad ach thóg siad talamh ar léas thuas ar an Ghleann." "Magadh atá tú," arsa Paidí, "níl baint ar bith ag an fhear sin le muintir na háite. Sin an fear a cheannaigh an bhó.
Nach orm a bhí an mí-ádh nach deachaigh mé féin chun an aonaigh sin? Strainséir! in ainm Dé. Dúirt mé i gcónaí nár thuig na boic óga an tábhacht a bhain le muintearas. Bean gan gaol le muintir na háite? cad é atá ciotach leis? Beidh orm labhairt le Feardaí Ghracie Bháin inniu." "Cad é atá ag Feadaímó le tabhairt do bhean, a Phaidí?" arsa Nuala. "Agus rud eile de, dúirt mise nach raibh mé ag iarraidh bean eile istigh anseo sa mhullach orm go fóill." Shiúl Paidí i dtreo an dorais, "a Nuala," dúirt sé, " cha shílim go bhfuil an darna rogha againn." "Fág é go dtí 'n tráthnóna" arsa Nuala, b'fhéidir go bhfaigheadh muid thart air roimhe sin.

D'oibrigh Feadaímó mar a bheadh fathach ann don chuid eile den lá agus bhí sé críochnaithe i bhfad roimh an chlapsholas. Ní raibh maitheas ar bith ann do Nuala nó do Phaidí é a threorú óna bhealach agus is é deireadh an scéil sin ná gur imigh Feadaímó i dtreo an Ghleanna agus gan idé de shórt ar bith aige ar cén leithscéal a thabharfadh sé don chuairt seo, ach go díreach go mbeadh Gráinne ansin. Chuaigh Paidí i dtreo theach Feardaí Ghracie Bháin agus fios a ghnó go hiomlán aige.

*Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.*



# Campa Samhraidh 2008

Bhí Campa Samhraidh a reáchtáil ag Céim Aniar in Ionad C.L.G na nDúnaibh i mbliana arís don choicís ón 28 Iúil go dtí 8 Lúnasa agus bhí os cionn caoga páiste i láthair idir an dá sheachtain. Mar is gnách, bhí na himeachtaí uilig a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Bronnadh teastas ar achan pháiste agus bhí duaiseanna do na páistí a rinne iarracht mhór an Ghaeilge a labhairt an t-am ar fad. Chuir na páistí seó beag i láthair ar an lá deireanach le h-amhráin, ceol agus dánta agus rinne siad jab iontach de. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na cúntóirí uilig a chuidigh linn ar feadh na coicíse. Seo thíos sraith pictiúr ón champa.















## Oíche Ghaelach

Bhí scaifte mór i láthair ag an Oíche Ghaelach is déanaí a bhí againn sa “Harbour Bar” ar 20 Lúnasa. Bhí dánta a rá ag an fhile, Pádraig Mac Suibhne, ceol le Eunan Ó Gallachóir, agallamh beirte agus cúpla port ar an fhidil agus ar an chonsairtín le Máire Ní Raghallaigh agus Róisín Ní Bhuaidhe agus solo ar an bhosca ceoil le hÉamann Ó Raghallaigh. Bhí scaifte d’ábhar múinteoirí a bhí ag freastal ar Choláiste Gaeilge i nGaoth Dobhair i láthair don oíche, ceoltóirí maithe ina measc, agus bhí cúpla amhrán ó Phroinsias Ó Cuilinn, Róisín Ní Bhuaidhe agus Séamas Ó Luadhóg chomh maith. Oíche mhaith craic.



*Pádraig Mac Suibhne*





*Peadar Ó Falsaigh, Co. na Mí*




*Máire Ní Raghallaigh ar an fhidil agus Róisín Ní Bhuaidhe ar an chonsairtín.*



*Séamas Ó Luadhóg agus Eunan Ó Gallachóir*




*Éamann Ó Raghallaigh*



*Darren Ó Nualláin, Loch Garman*

**Deán teagmháil linn:**
Ceim Aniar Teoranta,
Áras Ros Goill,
Na Dúnaibh,
Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830
Facs: 074 9154830
Ríomhphost:
ceimaniar@eircom.net

Rang Teastas Eorpach na Gaeilge 2008



**Roghnaigh do chuideachta sula dtéann tú ag ól**